Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2022
(OR. en)

11012/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0118(COD)**

CODEC 1091
PECHE 254
CADREFIN 121
RELEX 943
COEST 526

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a laghdú agus chun éifeachtaí na míshocrachta sa mhargadh ar an slabhra soláthair táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe mar thoradh ar an gcogadh foghach sin a mhaolú **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 13 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 43(2) agus (175) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 18 Bealtaine 2022, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

[1] 8187/22.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

4. An 6 Iúil 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 31/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. In Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, leagtar amach an ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 10936/22.